cecde
An Lárionad um Fhorbairt &
Oideachas na Luath-Óige
Tuarascáil Bhliantúil 2005

Teach an Gheata

Arna foilsiú ag an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Teach an Gheata, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Teil: 353 1 8842110
Facs: 353 1 8842111
Ríomhphost: early.childhood@spd.dcu.ie
Laithreán Gréasáin: www.cecde.ie

ISBN: 0-9551894-1-1 ISBN-13: 978-09551894-1-8

© 2006 An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a ataigeadh, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, biodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan chead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Lárionad um Fhorbairt & Oideachas na Luath-Óige

NDP
National Development Plan

Á mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus á chomhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006

DIT

Pictiúr ar chlúdach:
Ba mhaith linn ár mbuiochas a ghabháil do
Averil Rafferty agus na páistí ón Ozanam House

An luath-oideachas a fhorbairt agus a chomhordú in Éirinn.

Brollach an Chathaoirligh 2

Réamhrá an Stiúrthóra 4

An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta 6

Tionscnaimh Dírithe 8

Ullmhú do Ghníomhaireacht Oideachais na Luath-Óige agus Soláthar Comhairle Bheartais 10

Eolas, Cumarsáid agus Craobhscaoileadh 12

Agúisín 1: Rialú 14
Agúisín 2: Cuntais Iniúctha 2005 16

bliain dúshlánach

Tá an-áthas orm, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta de chuid an Lárionaid, an tuarascáil seo a chur i láthair. Is tuarascáil í seo a dhéanann cur síos go hachomair ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhthorthaí de chuid an Lárionaid i 2005.

Ba bhliain thábhachtach í an bhliain 2005 i gcomhair an Lárionaid. I Meán Fómhair chuir an Lárionad a chéad téarma trí bliana i gcrích agus bhog sé gan stró ar aghaidh go dtí tréimhse a thiocfaidh, dar linne, roimh bhunú na Gníomhaireachta um Luath-Óige de réir mar a bheartaíodh é sa Pháipéar Bán *Ready to Learn* (1999).

Ba bhliain dhúshlánach í ós rud é nár mhór don Chlár Oibre uallmhianach don tréimhse 2002-2005 a bheith curtha i gcrích. Ba é an tionscadal ba mhó an Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta, ***Síolta***. Tá an dréacht críochnaithe anois agus tá se réidh le píolótú. Is tionscadal ríthábhachtach é seo agus is ceann é a bhféadfadh tionchar mór a imirt ar an gcaighdeán atá ann do chúram luath-óige agus do shocruithe oideachais in Éirinn.

An dara deathoradh i 2005 ba ea críochnú na gcúig thionscadal choimisiúnaithe a mhaoinigh an Lárionad chun fianaise a fháil i dtaca le soláthar cáilíochta do leanaí ar fad, ach go mór mór i gcás leanaí faoi mhíbhuntáiste ó thaobh cúlra de agus leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Níl amhras ar bith orm go n-imreoidh na torthaí uathu siúd tionchar tábhachtach ar fheabhsú cháilíocht an tsoláthair dheiseanna foghlama do leanaí mar sin.

Táimid ag súil le bliain eachtrúil sa bhliain atá amach romhainn le seoladh agus le píolótú na creatlaí cáilíochta. Táimid ag súil freisin oibriú leis na struchtúir atá fógartha ag an Aire Leanaí, an tUas. Brian Lenihan T.D. le deireanas.

Ba mhaith liom, thar ceann an Bhoird, buíochas a ghabháil leis an Stiúrthóir, Heino Schonfeld, agus le meitheal oibre an Lárionaid as a ndianobair leanúnach agus as a ndúthracht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le baill sin an Choiste Stiúrtha nach bhfuil ar an mbord, agus baill an Choiste Chomhairliúcháin freisin. Tá an chomhairle, an saineolas agus an treoir a thairgeann baill na gcoistí seo thar a bheith luachmhar i gcónaí don Lárionad.

Glacaim buíochas leis an Aire, an tUas., Mary Hanafin, as a spéis sa tionscadal. Ba mhaith liom aird a thabhairt ar an ról tábhactach a bhí ag baill an ROE ina dtacaíocht agus sa bhaint a bhí acu leis an Lárionad i 2005.

An Dr. Elizabeth Dunphy
Cathaoirleach

príomhthorthaí 2005

> Críochnú an ceád téarma trí bliana

> Clár Oibre curtha i gcrích

> ***Síolta***, An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige curtha i gcrích

> Críochnú na gcúig thionscadal choimisiúnaithe

torthaí a bhaint amach

Tá an-áthas orm an tríú tionscadal de chuid an Lárionaid chur i láthair.

Thar aon ní eile, sholáthair an Lárionad Creatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige in Éirinn. Ní ar thaighde iontaofa náisiúnta agus idirnáisiúnta atá an Chreatlach bunaithe ach tá tacaíocht aici ó riar maith geallsealbhóirí.

> Tá sé ar cheann de chuspóirí an Lárionaid "na bunchlocha a leagan le bunú na Gníomhaireachta Oideachais Luath-Óige mar a chonacthas i bPáipéar Bán an Rialtais *Ready to Learn*".

Tháinig cúig cinn de thionscadal coimisiúnaithe móra taighde faoi bhláth i 2005 agus mar thoradh air sin tá na tuarascálacha á n-ullmhú le foilsiú. Tá súil againn go gcuirfidh na tuarascálacha seo leis an díospóireacht seirbhísí atá ar siúl go leanúnach maidir le leanaí óga faoi mhíbhuntáiste nó leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

Agus muid sa tóir ar an gcuspóir seo a bhaint amach lean an Lárionad ag obair as lámh a chéile leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus le go leor comhpháirtithe reachtúla, deonacha agus príobháideacha eile.

Cuireadh dlús leis an díospóireacht phoiblí agus le forbairt bheartais le linn na bliana i 2005 agus bhí páirt ag an Lárionad ag léibhéil éagsúla na ndíospóireachtaí siúd. Chuir an Lárionad go speisialta leis an tuarascáil maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige ag an bhFóram Sóisialta Eacnamaíochta agus le tuairisc de chuid an Ghrúpa Ardléibhéil ar chúram agus ar oideachas na luath-óige a chuir comhairle ar an Rialtas roimh chinntí straitéiseacha tábhachtacha i gcáinaisnéis na bliana 2006.

Go hachomair, táim an-sásta a chur in iúl gur éirigh leis an an Lárionad a chéad tionscadal oibre trí bliana a chur i gcrích.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh leis an mBord Bainistíochta, leis an gCoiste Comhairliúcháin agus le meitheal oibre an Lárionaid as a dtacaíocht agus as a dtiomantas i rith na bliana seo caite.

Heino Schonfeld
Stiúrthóir

Cumann Múinteoirí Éireann/Barnardos - Clár Forbairte Inghairme do Mhúinteoirí agus Bainistíocht i Réamhscoileanna don Lucht Siúil
Ar chúl: Anne Conroy (Barnardos) Alison Gilliland (CMÉ) agus Imelda Graham (Barnardos)
Ar tosaigh: Maugie Francis (ROE), Heino Schonfeld (LFOLÓ), Sheila Nunan (CMÉ), Fergus Finlay (Barnardos), agus Annette McDonnell (CMÉ)

Baill an Choiste Comhairleach an Lárionaid (Bealtaine 2005).

Sprioc 1

"Creatlach Cailíochta a fhorbairt um Oideachas Luath-Óige, lena n-áirítear Marc i gCáilíocht Oideachais do sholáthraithe san earnáil."

An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta

Go mall sa bhliain 2004, d'fhorbair an Lárionad amline de spriocanna le baint amach i bhforbairt na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta um Oideachas Luath-Óige. Dhírigh an amlíne seo ar sholáthar eilimintí leantacha den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta chuig baill an Choiste Chomhairliucháin de chuid an Lárionaid le machnamh a dhéanamh agus le freagraí a thabhairt. Bhí an comhairliúchán ar Phrionsabail na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta ar siúl i ndeireadh na bliana 2004, agus fuarthas freagraí ón gCoiste Comhairliúcháin go luath sa bhliain 2005.

Bhí an t-aiseolas seo curtha san áireamh agus críochnaíodh dréacht deiridh na bprionsabal agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Chomhairliúcháin é ar an 2 Márta, 2005.

Sholáthair an Larionad céad dréacht den sé chaighdeán déag de chuid na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta ar an dáta sin freisin agus cuireadh timpeall chuig an gCoiste iad ar an 3ú Márta, 2005 mar aon le fíoraithe aiseolais atá deartha go sonrach.

Thar na míonna ina dhiaidh sin, forbraíodh eilimintí eile de chuid na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta, is é sin, Comhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh. Le linn na tréimhse céanna, rinneadh anailís ar an aiseolas agus ar na freagraí ón gCoiste Comhairliúcháin ar na Caighdeáin agus cuireadh na hathruithe comhaontaithe san áireamh. Cuireadh na caighdeáin chríochnaithe dréachta faoi bhráid an Choiste Chomhairliúcháin ar an Luan, an 23 Márta, 2005. Ar an dáta céanna sholáthair an Larionad príomheilimint na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta, Comhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh, mar dhréacht tosaigh, agus cuireadh timpeall iad, de réir mar a cuireadh, ar an 24 Bealtaine, 2005. Bhí na Comhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh beartaithe agus curtha timpeall mar cheithre lámhleabhar éagsúla, le difríochtaí socruithe le sonrú iontu, mar seo a leanas: cúram lae lánaimseartha agus páirtaimseartha, seirbhísí seisiúnacha, feighlíocht linbh agus ranganna naíonán.

Is aon sraith amháin iad na heilimintí thuasluaite (Prionsabail, Caighdeáin, Comhpháirteanna Cáilíochta agus Deiseanna Mhachnaimh) den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta – Cáilíocht á Léiriú. A luaithe agus a dréachtaíodh agus a solathraíodh iad, d'fhorbair an Larionad múnlaí do shraitheanna eile na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta – is é sin le rá, Cáilíocht á Tacú agus á Meas. Cuireadh na múnlaí seo faoi bhráid an Choiste Chomhairliúcháin ar an 20 Meán Fómhair, 2005 agus cuireadh san áireamh iad i lámhleabhar réamhléirithe d'ábhar cúlra breise mar aon le heilimintí cleachtais na Creatlaí Naisiúnta Cáilíochta. Soláthraíodh dréacht deiridh na gComhpháirteanna Cáilíochta agus na Deiseanna Mhachnaimh, a chuimsigh aiseolas ón gCoiste Comhairliúcháin ag an am seo freisin.

Soláthraíodh dréacht críochnaithe na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige, ag cuimsiú ceithre lámhleabhar réamhléirithe, chuig an Aire Oideachais ar an 30 Meán Fómhair, 2005.

Ó shin i leith, bhí obair leanúnach ar bun ar an dearadh agus ar an léiriú priontála i gcomhair na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta. Rinneadh an-obair ar aistriúchán Gaeilge na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta le tacaíocht ón Meitheal Oibre Saineolach ar Aistriúchán Gaeilge a bhunaigh an Larionad le freastal a dhéanamh ar chruinneas an téacs Ghaeilge.

Forbraíodh mion-amlíne le haghaidh chur i bhfeidhm píolótach na Creatlaí, mar aon le buiséid, tuairisc ar phost agus riachtanais do scileanna sonracha d'oifigigh chomhairleacha cháilíochta, aithint de bhonneagar tacaíochta a bhféadfadh a bheith ann, agus cuireadh miontogra den chur i bhfeidhm píolótach faoi bhráid na Roinne Oideachais.

Sprioc 2

"Idirghabhálacha sprice a fhorbairt ar bhonn píolótach do leanaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus leanaí le riachtanais speisialta acu."

Tionscnaimh Dírithe

Is sprioc lárnach den Larionad idirghabhálacha sprice do leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu a fhorbairt, a phíolótú agus a mheas. Le linn na bliana 2005, mhaoinigh an Larionad cúig cinn de thionscnaimh éagsúla mar thacaíocht ar an sprioc seo agus mínítear thíos iad. Cuireadh críoch leis na tionscadail ar fad roimh an 30 Meán Fómhair 2005 agus chuir gach foireann taighde tuarascáil chuimsítheach scríofa ar fáil ina ndearnadh cur síos ar na próisis, ar na torthaí agus ar na moltaí a d'eascair ó gach tionscnamh. Táthar ag súil go bhfoildseofar agus go gcraobhscaoilfear an t-eolas, i ndiaidh athbhreithniú, a tháinig chun cinn mar thoradh ar na tionscadail seo, go forleathan ar fud na hearnáile COLO mar threoir agus mar thacaíocht don fhorbairt chleachtas cáilíochta.

Ina theannta sin feidhmeoidh siad freisin ar mhaithe le heolas a chur le forbairt leanúnach na Creatlaí Náisiúnta Cáilíochta agus Straitéis Taighde an Lárionaid 2005 – 2008.

Ar Thóir Ardchaighdeáin: Go Leor Dearcaidh

D'fhéach an tionscadal le fiosrú a dhéanamh maidir leis an áitreabh, atá ann go forleathan, go bhfuil an cháilíocht i gcúram agus in oideachas luath-óige dinimiciúil agus go mbaineann sé le comhthéacs sonrach. D'eagraigh an fhoireann taighde staidéar náisiúnta ar cháilíocht i gcomhthéacs na hÉireann. Cuimsíonn an tuarascáil athbhreithniú litríochta cuimsitheach ar cháilíocht i socruithe COLO. Ina cheann sin, tuairiscítear ar thaighde allamuigh i bfiche suíomh roghnaithe. Tarraingníodh na sonraí, a bailíodh ón taighde allamuigh, ó thomhais cháilíocht inbhraite sna suímh mar aon le hagallaimh agus comhairliúchán leis an rannpháirtithe lena n-áiritear tuismitheoirí na leanaí agus baill foirne sna suímh.

Idirghabháil Luath do Leanaí le Riachtanais Speisialta i Suímh Eagsúla

Tugann taighde idirnáisiúnta le fios go soiléir éifeachtúlacht dian-idirghabhála luath do leanaí faoi mhíchumas. Breathnaíonn an tionscadal seo, a chuir Bord Sláinte an Iarthair Láir i gcrích, níos doimhne sa scéal maidir le luath-idirghabháil ar mhaithe le gnéithe sonracha a chuirfidh na torthaí is fearr ar fáil do leanaí agus dá dteaghlaigh.

Clár Forbairte Inghairme do Mhúinteoirí agus Bainistíocht i Réamhscoileanna don Lucht Siúil

Fuair an *National Evaluation Report on Pre-schools for Travellers* amach go bhfuil gá mór le hoiliúint inseirbhíse i measc múinteoirí agus baill na gcoistí bainistíochta réamhscoileanna don Lucht Taistil araon. Mar thoradh air sin, d'fhorbair agus sholáthair comhpháirtíocht de chuid Barnardos/Cumann Múinteoirí Éireann clár oiliúna. Ghlac dhá bhall is tríocha den fhoireann páirt in anailís chuimsitheach i dtaca le riachtanais agus le clár oiliúna módúlach, a bhí creidiúnaithe ag FETAC.

Forálacha na Luathblianta i gcás leanaí le riachtanais speisialta in Éirinn

Soláthraíonn an tionscadal seo forbhreathnú, a bhfuil géarghá leis, agus anailís ar an bhforáil reatha in Éirinn i gcomhair leanaí le riachtanais speisialta in Éirinn. Scrúdaigh an fhoireann tionscadail an gaol idir saghasanna éagsúla idirghabhála agus fachtóirí i luath-idirghabháil. Tugann an tuarascáil deiridh moltaí i dtaca le cleachtas agus le beartas agus le taighde sna blianta atá amach romhainn.

Luathmheasúnú agus Luath-idirgabháil maidir le Míbhuntáiste Oideachais

Tá sé mar thoradh ar an taighde seo gur gcuireadh tús le chreatlach d'aithint na leanaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ón tréimhse a rugadh iad go dtí aois trí bliana i gceantair faoin tuath. Tá treoirlínte ann freisin don Chreatlach agus do mholtaí i ndáil le pleanáil idirghabhálacha sárchleachtais do theaghlaigh agus do leanaí san aoisghrúpa 0-3 a bhfuil cónaí orthu faoin tuath in Éirinn.

Sprioc 3

"Na bunchlocha a leagan do bhunú Gníomhaireacht Luath-Óige Oideachais mar a chonacthas é sa Pháipéar Bán."

Ullmhú do Ghníomhaireacht Oideachais na Luath-Óige agus do Chomhairle Bheartais

D'fhógair Páipéar Bán an Rialtais *Ready to Learn* in 1999:

> " it is proposed to establish and allocate executive functions concerning early childhood education to an independent Early Childhood Education Agency (ECEA)"
> (DES, 1999, p.132).

D'fhorbair an Larionad struchtúir eagraíochta éifeachtacha agus éifeachtúla mar ulmhú don Ghníomhaireacht Oideachas Luath-Óige, go sonrach maidir le hacmhainní daonna mar aon le beartais agus struchtúir thuairiscithe airgeadais.

Le linn 2005 ar fad lean ar an Larionad as cur le forbairt bheartas náisiúnta. Thug an Lárionad comhairle don Rialatas trína bhallraíocht den Ghrúpa Ardléibhéil ar chúram agus ar oideachas luath-óige a bhí sé mar thoradh air gur cuireadh tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Rialtais i samhradh na bliana 2005.

Mar bhall den Chomhairle Náisiúnta um Churaclam agus Measúnachta, den Choiste Náisiúnta Comhordaithe Cúraim Leanaí agus de bhoird, de choistí agus de mheithil oibre go leor eile, bhí ról lárnach ag an Larionad i bhforbairt agus in imeascadh chúram agus oideachas luath-óige timpeall riar mór geallsealbhóirí.

Thug an Larionad aird ar leith ar fhorbairtí i réimse na hoiliúna agus i bhforbairtí proifisiúnta agus d'oibrigh sé le comhlachtaí rialaithe móra fearacht NQAI agus FETAC mar aon le soláthraithe tábhachtacha oiliúna fearacht FÁS, ollscoileanna, Institiúidí Teicneolaíochta agus grúpaí eile nach iad.

Ó thus deireadh na bliana, chloígh an Larionad le struchtúir chomhairliúcháin, go príomha trínár gCoiste Comhairliúcháin, agus d'fhorbair sé go mór a ghaolta idirnáisiúnta agus trasteorann freisin.



Eolas, Cumarsáid agus Craobhscaoileadh

Cuireadh obair an Lárionaid ar a súile don earnáil tríd an láithreán gréasáin agus trí fhoilseachán, mar aon le léirithe agus daoine a bheith i láthair ag comhdhálacha, chomh maith le hailt irise agus rudaí éagsúla eile.

Ba i bhFeabhra a seoladh *Spléachadh ar an Ardchaighdeán - Athbhreithniú ar Bheartas, Cleachtas agus Taighde Náisiúnta a bhaineann leis an Ardchaighdeán i gCúram agus Oideachas Luathóige in Éirinn 1990-2004.* D'eisíomar an tuarascáil dea-mhéine *Making Connections, A Review of International Policies, Practices and Research Relating to Quality in Early Childhood Care and Education.* I Meán Fómhair d'fhoilsíomar nósanna imeachta ár gComhdhála Idirnáisiúnta a bhí ar siúl in 2004, *Questions of Quality,* agus eiseoimid an crann taca deiridh dár gCreatlach Náisiúnta Cáilíochta, *Luath-Óige in Éirinn - Fianaise agus Peirspictíochtaí,* go luath sa bhliain 2006. Coinníonn ár nuachtlitir rathúil, *Alana,* le heolas a thabhairt don earnáil maidir le dul chun cinn na foirne.

Tarraingíonn láithreán gréasáin de chuid Larionad – **www.cecde.ie** – timpeall 12,000 cuairteoir agus feiceann 50,000 duine an leathanach ar líne in aghaidh na bliana, ní hamháin ó Éirinn ach ó gach uile chearn an domhain mhóir. **Léiríonn an figiúr thíos bunaidh na gcuairteoirí.**



Éire	70%	An India	1%
An Ríocht Aontaithe	10%	An Chóiré	1%
Na Stáit Aontaithe	5%	An Ísiltír	1%
Uganda	2%	An Phacastáin	1%
Aontas na nimiríochtaí Arabacha	1%	An Pholainn	1%
An Astráil	1%	Singapore	1%
An Spáinn	1%	Hong Kong	1%
An Fhionlainn	1%		

Rinneadh óstach ar gach foilseachán agus nuachtlitir go fóill ar ár láithreán gréasáin ar a nuashonraítear eolas síoraí seasta i mBéarla agus i nGaeilge araon. Is é seo an phríomhfhoinse eolais faoin lárionad agus sa bhliain 2005 rinneamar óstach ar ár gcatalóg leabharlainne in ár líne den chéad uair riamh. Chuir sé seo ar chumas brabhsálaithe seiceáil a dhéanamh ar leabharlann acmhainní éagsúla, orthu siúd tá os cionn 1300 ann anois, iad ar fad dírithe go sonrach ar thaighde COLO.

Coinníonn Leabharlann an Lárionaid le tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus do mhic léinn i measc daoine eile agus fáiltimid roimh fhiosruithe ón earnáil.

Agúisín 1:
Rialú

Casadh baill **an Choiste Stiúrtha de chuid an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige** ar a chéile trí huaire sa bhliain 2005: 10ú Márta, 21 Meitheamh and 30 Samhain 2005. Is iad seo a leanas baill an Choiste:

John Quinlan (Cathaoirleach)	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Deirdre Lyddy	An Fhoireann Chigireachta de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta
Liam Mac Mathúna	Coláiste Phádraig, Droim Conrach
An Dr. John Donovan	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Anne McGough	Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
An Dr. Nóirín Hayes	Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige
Leslie Abbott	Manchester Metropolitan University
Olivia Bree (a ghlac áit Liam Mhic Mhathúna go sealadach ó Shamhain 2005)	Coláiste Phádraig, Droim Conrach

Bhí na baill seo a leanas ag **Bord an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige** in 2005:

Anne McGough	Coláiste Phádraig, Droim Conrach
An Dr. Elizabeth Dunphy	Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Martin Ward	Coláiste Phádraig, Droim Conrach
An Dr. Nóirín Hayes	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
An Dr. Máire Mhic Mhathúna	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Marie Kennedy	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
Siobhán Bradley (a ghlac áit Marie Kennedy i Meit. 2005)	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Casadh baill an Bhoird ar a chéile ar na dátaí seo a leanas in 2005:

Cruinnithe Boird 2005	**Cathaoirleach**
Dé hAoine 21 Eanáir	Anne McGough
Dé Máirt 1 Márta	Anne McGough
Dé Máirt 12 Aibreán	Anne McGough
Dé Máirt 10 Bealtaine	An Dr. Nóirín Hayes
Dé hAoine 3 Meitheamh	An Dr. Nóirín Hayes
Dé Máirt 5 Iúl	An Dr. Nóirín Hayes
Dé Máirt 27 Meán Fómhair	An Dr. Nóirín Hayes
Dé Céadaoin 9 Samhain	An Dr. Nóirín Hayes
Dé Máirt 20 Nollaig	An Dr. Nóirín Hayes

Aguisín 2:
Cuntais Iniúctha 2005

	Year ended 31.12.2005	12 months ended 31.12.2004
	€	€
INCOME		
Grants	905,492	1,060,158
Total Income	**905,492**	**1,060,158**
EXPENDITURE		
CECDE Staff	466,910	416,709
Post doc/doc fellow		42,746
Scholarships	35,850	27,517
Student fees	7,240	
Dissemination	110,611	58,186
Translation	21,148	22,629
Professional fees	85,256	82,513
Advertising	35,397	31,702
Books	4,168	1,706
Stationery	11,313	8,140
Photocopying		36
Telephone	6,576	7,922
Subscriptions	4,335	431
Postage	5,560	8,226
Attendance at conferences	3,219	6,164
Travel	11,022	14,023
Entertainment	647	524
Interviewing expenses		27
Meetings and hospitalities	3,587	2,219
Consumables	2,832	1,502
Computer Consultancy		1,175
Computer equipment	4,193	862
Light and heat	1,289	1,167
Rent	32,559	21,560
Security	7,141	12,021
Contract cleaning	4,249	8,322
Insurance	3,168	2,504
Management services – DIT and SPD	51,172	50,172
Miscellaneous expenditure	1,190	636
Total Expenditure	**920,632**	**831,341**
Deficit for the year	**15,140**	

Tionscnaimh Dírithe

	Year ended 31.12.2005	12 months ended 31.12.2004
	€	€
INCOME		
Grants	595,605	312,892
Total Income	**595,605**	**312,892**
EXPENDITURE		
CECDE Staff	44,845	34,024
Professional fees	392,345	185,000
Printing	1,366	2,872
Attendance at conferences	1,228	20
Travel	953	81
Equipment & Furnishings		3,141
Entertainment		86
Sundry	173	183
Total Expenditure	**440,910**	**225,407**
Surplus for the year	**154,695**	**87,485**